

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Tá cheithre champas ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi láthair. Tá sé lonnaithe in Áras na Gaeilge i nGaillimh agus tá gníomhaíochtaí de chuid an Acadaimh lonnaithe freisin in Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua, in Ionad na hOllscoile i gCarna agus in Ionad na hOllscoile i nGaoth Dobhair.

Is fo-ionad de chuid Áras Mháirtín Uí Chadhain an ghníomhaíocht ollscoile i Seanscoil Shailearna. Tá iarratas déanta ar an Ollscoil freisin ionad a thógáil i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus tá comhráit ar siúl idir An tAcadamh agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne faoi láthair.

Is cúis áthais don Acadamh go bhfuil a fhoireann ag cabhrú le forbairtí oideachais agus forbartha i gceantar Chumann Forbartha Chois Fharraige. Tá Riarthóir Áras Mháirtín Uí Chadhain, Treasa Uí Lorcáin, ag feidhmiú mar Rúnaí ar Chomharchumann Shailearna. Tá Caitlín Nic an Ultaigh, Ceannasaí Bainistíochta an Acadaimh, ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an gcoiste don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh atá le tógáil ar shuíomh atá ar chúl Shéipéal an Chnoic. Ina theannta sin, chuidigh An tAcadamh leis an gComharchumann i ndréachtadh a phlean straitéiseach trí bliana agus chomh maith in ullmhú an iarratais ar an deontas Gaeilge a d'éirigh leis an gComharchumann a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith na bliana.

Tá cúrsaí nua á dtosú sa Ghaeltacht ag An Acadamh an seisiún seo, mar atá, Dioplóma sa Drámaíocht a bheidh lonnaithe i Seanscoil Shailearna agus M.A. san



Peadar Mac an Iomaire, Príomhfheidhmeannach OÉ, Gaillimh agus an Dr Iognáid Ó Muircheartaigh, Uachtarán OÉ, Gaillimh

Aistriúchán a bheidh lonnaithe in Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua. Tá obair ar siúl faoi láthair san Acadamh ar leagan amach cúrsaí nua céime i réimsí a chuirfidh le fostaíocht eolasbhunaithe agus teanga-lárnaithe.

Ba mhaith le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bhuíochas a ghlacadh le Cumann Forbartha Chois Fharraige agus le coistí eile i gceantar Chois Fharraige as an tacaíocht a fuair An tAcadamh agus é ag iarraidh go nglacfadh an stát leis an ollscolaíocht trí Ghaeilge mar chuid lárnach de bhonneagar na Gaeltachta agus freisin go bhféachfaí ar an oideachas agus ar

an oiliúint mar acmhainn a chuideodh le cruthú fostaíochta in áit na fostaíochta atá agus a bheidh caillte ag ceantair Ghaeltachta de bharr laghdú a bheith ag teacht ar chumas iomaíochta na tíre seo i dtionscail déantúsaíochta. Is fiú cuimhniú go leanfaidh obair eolasbhunaithe pobail an eolais.

Is mór ag An Acadamh go bhfuil Údarás na Gaeltachta ag glacadh treo nua agus guíonn muid gach rath ar an bPríomhfheidhmeannach nua, Pádraig Ó hAoláin, agus ar a fhoireann san obair cheannródaíoch atá curtha roimhe aige ina thréimhse mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

As seo go Nollaig bronnfar céim oinigh M.A. ar bheirt as Paróiste an Chnoic. Seo bealach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le haitheantas a thabhairt do dhaoine sa bpobal a bhfuil obair eisceachtúil déanta acu. Is de bharr a bhfuil déanta ag duine acu i réimse na litríochta pobail atá an gradam á bhronnadh air. Tá an duine eile ag fáil aitheantais ag an bpointe seo ar an obair thar an gcoitiantacht atá déanta aige i réimse na forbartha pobail. Táthar ag súil gur le linn sheoladh an chúrsa nua dioplóma sa drámaíocht a bheidh an bronnadh seo ar siúl sa Seanscoil.

Siopa an Phobail

**Coill Rua, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.**

**Fón: 091-593020
Faics: 091-593338**



Super Valu

Siopadóireacht mar is cóir